# Oireachtas na Gaeilge

Eochairfhocail: Oireachtas, uachtarán, coimisinéir teanga, feachtas, teanga

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cá bhfuil an tOireachtas ar siúl i mbliana?
2. Cén duine speisialta ar chuir an tAire Forbartha, Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta fáilte roimpi ag an Oireachtas?
3. Cérbh é an rud a bhí tábhachtach agus suntasach faoi thoghchán na hUachtaránachta, dar leis an Aire Dara Calleary?
4. Cathain a bhí an tOireachtas i mBéal Feirste go deireanach?
5. Luann Éamon Ó Cuív go bhfuil cáil ar chathair Bhéal Feirste as dhá thréith a bheith go láidir aici. Céard iad an dá thréith sin?
6. Cad is ainm don chéad choimisinéir teanga a ceapadh le déanaí i dTuaisceart Éireann?
7. Cén áit a ndéanfar Catherine Connolly a insealbhú mar Uachtarán na hÉireann?
8. Ainmnigh an dá ábhar plé a bheidh chun tosaigh san Oireachtas i mbliana?
9. Cé mhéad ócáid a bheidh ar siúl i rith an Oireachtais ar fad?
10. Ar mhaith leat freastal ar Oireachtas na Gaeilge? Cén fáth?




Foghlaim TG4

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: aimsigh na botúin

**Tá deich gcinn de bhotúin ghramadaí le haimsiú sa sliocht thíos faoi Oireachtas na Samhna. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.**

Tá an tOireachtas ar an (1) bhfód ón mbliain 1897. Ba i (2) Baile Átha Cliath a bhí an cheád Oireachtas ar siúl. Theastaigh ó Chonradh na Gaeilge, a (3) eagraigh an chéad Oireachtas, go mbeadh ócáid ann do lucht na Gaeilge bunaithe ar an Eisteddfod sa Bhreatain Bheag agus ar an Mód in Albain. Chuirfí an (4) Gaeilge agus an cultúr Gaelach chun cinn ag an ócáid seo. D'éirigh thar cionn leis an (5) céad Oireachtas sin agus tá an tOireachtas ag dul ó neart go neart ó shin. (6) Eagrítear a lán comórtas éagsúil le linn an Oireachtais agus déanann Raidió na (7) Gaeltacht agus TG4 cuid mhaith d'imeachtaí an Oireachtais a chraoladh beo le linn cheithre (8) láe na féile. Bíonn imeachtaí ar siúl do dhaoine óga agus do (9) daoine fásta araon ag an Oireachtas agus is i mBéal Feirste atá sé ar (10) súil i mbliana.

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

**Samhlaigh gur iriseoir tú agus go n-iarrtar ort dul ag Oireachtas na Samhna i mBéal Feirste i mbliana. Déan cur síos ar phríomhimeachtaí an Oireachtais thar na ceithre lá. Is leor 200 focal sa chur síos. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.**

- atmaisféar beomhar, bríomhar
- amhránaithe iontacha
- scoth na Gaeilge le cloisteáil
- giúmar maith ar gach duine
- óráidí spreagúla
- iontais na cathrach
- gach cearn den tír
- canúintí difriúla
- buaicphointe an Oireachtais
- gradam
- an bhliain seo chugainn
- na sluaite i láthair

# Freagraí

1. Béal Feirste
2. An tUachtarán nuathofa Catherine Connolly
3. Go raibh an Ghaeilge lárnach san fheachtas
4. 1997
5. Cáil na n-ealaíon agus cáil an mhuintearais
6. Pól Deeds
7. Baile Átha Cliath
8. Todhchaí agus buanú na teanga
9. Thart ar 200

Tá an tOireachtas ar an bhfód ón mbliain 1897. Ba i mBaile Átha Cliath a bhí an cheád Oireachtas ar siúl. Theastaigh ó Chonradh na Gaeilge, a d'eagraigh an chéad Oireachtas, go mbeadh ócáid ann do lucht na Gaeilge bunaithe ar an Eisteddfod sa Bhreatain Bheag agus ar an Mód in Albain. Chuirfí an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach chun cinn ag an ócáid seo. D'éirigh thar cionn leis an gcéad Oireachtas sin agus tá an tOireachtas ag dul ó neart go neart ó shin. Eagraítear a lán comórtas éagsúil le linn an Oireachtais agus déanann Raidió na Gaeltachta agus TG4 cuid mhaith d'imeachtaí an Oireachtais a chraoladh beo le linn cheithre lá na féile. Bíonn imeachtaí ar siúl do dhaoine óga agus do dhaoine fásta araon ag an Oireachtas agus is i mBéal Feirste atá sé ar siúl i mbliana.



Foghlaim
TG4